

ÚBE/GL/2024/05

27 Bealtaine 2024

Treoirlínte

maidir le critéir STS le haghaidh urrúsú
laistigh den chlár comhardaithe

agus lena leasaítear

Treoirlínte ÚBE/GL/2018/08 agus

ÚBE/GL/2018/09 maidir le critéir STS le
haghaidh urrúsú ABCP agus neamh-ABCP

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, déanfaidh údaráis inniúla agus institiúidí airgeadais gach iarracht na dtreoirlínte a chomhlíonadh.
2. Leagtar amach sna dtreoirlínte tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na dtreoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na dtreoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do ÚBE maidir le cibé an gcomhlíonann siad na dtreoirlínte nó an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 09.12.2024. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba cheart fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach leis an tagairt “ÚBE/GL/2024/05”. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhíthe

Ábhar

5. Sonraítear sna treoirlínte sin, i gcomhréir le hAirteagal 26a de Rialachán (AE) 2017/2402², an chaoi a bhfuil feidhm ag na ceanglais a bhaineann le simplíocht, caighdeánú agus trédhearcacht, agus na ceanglais a bhaineann leis an gcomhaontú cosanta creidmheasa, an gníomhaire fíoraithe tríú páirtí agus barrachas an raoin difríochta shintéisigh, a leagtar amach in Airteagail 26b go 26e den Rialachán sin, maidir le hurrúsú laistigh den chlár comhardaithe chun go measfar urrúsú den sórt sin a bheith simplí, trédhearcach agus caighdeánaithe (STS). Thairis sin, leasaítear leis na treoirlínte seo Treoirlínte ÚBE/GL/2018/08 agus ÚBE/GL/2018/09 maidir le critéir STS le haghaidh urrúsú ABCP agus neamh-ABCP, arna n-eisiúint de bhun Airteagail 19 agus 23 de Rialachán (AE) 2017/2402.

Raon feidhme

6. Ba cheart feidhm a bheith ag na treoirlínte sin i gcomhréir le raon feidhme chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/2402 mar a leagtar amach in Airteagal 1 de.

Seolaithe

7. Tá na treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (2), de Rialachán (AE) 1093/2010 a ainmníodh mar údaráis inniúla de bhun Airteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2017/2402, agus ar institiúidí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) 1093/2010 atá faoi réir rialála agus maoirseachta de bhun Rialachán (AE) 2017/2402, lena n-áirítear tríú páirtithe a fhóiraíonn comhlíonadh STS freisin i gcomhréir le hAirteagal 2(5), an fhomhír dheireanach, de Rialachán 1093/2010. Moltar d'údaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2017/2402 nach gcáilíonn mar údaráis inniúla de bhun Airteagal 4, pointe (2), de Rialachán Uimh. 1093/2010 na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm.

² Rialachán (AE) 2017/2402 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonracha maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32017R2402&from=fr>

3. Cur chun feidhme

An dáta iarratais

8. Tá feidhm ag na treoirlínte seo ón 09.12.2024. Tá feidhm ag na treoirlínte sin maidir le hurrúsuithe laistigh den chlár comhardaithe a gcruthaítear a suíomhanna urrúsúcháin i gcomhréir le comhaontuithe cosanta creidmheasa a glacadh tar éis an 09.12.2024. Na leasuithe ar Threoirlínte ÚBE/GL/2018/08 agus ÚBE/GL/2018/09 maidir leis na critéir STS le haghaidh urrúsú ABCP agus neamh-ABCP, a leagtar amach i Roinn 8 de na treoirlínte seo, tá feidhm acu maidir le hurrúsuithe a n-eisítear a n-urrúis i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe a glacadh tar éis an 09.12.2024.

4. Critéir maidir le simplíocht

Risíochtaí arna sealbhú laistigh den chlár comhardaithe (Airteagal 26b(3) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Clár comhardaithe

9. Chun críocha Airteagal 26b(3) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart an téarma clár comhardaithe a léirmhíniú mar chlár comhardaithe cuntasáíochta an tionscnóra nó de chuid eintitis a bhaineann leis an ngrúpa céanna leis an tionscnóir.

Gan aon fhálú dúbailte (Airteagal 26b(4) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Fálú thar an gcosaint a fuarthas tríd an gcomhaontú cosanta creidmheasa

10. Ba cheart a thuiscint leis an gcritéar i gcomhréir le hAirteagal 26b(4) de Rialachán (AE) 2017/2402 go ndéantar ilchosaint chreidmheasa a dhícheadú i leith riosca creidmheasa chomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha, gan beann ar cibé acu a bhaineann an chosaint creidmheasa bhreise sin le cosaint i gcoinne riosca creidmheasa tráinse, cuid de thráinse nó neamhchosaint fholuiteach, chun a áirithiú nach ndéanfar riosca creidmheasa chomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha a fhálú níos mó ná uair amháin.

11. Chun críocha Airteagal 26b(4) de Rialachán (AE) 2017/2402, níor cheart cosaint chreidmheasa ar leithligh a sholáthraítear do thráinsí ar leithligh, codanna ar leithligh de na tráinsí nó neamhchosaintí foluiteacha ar leithligh faoin gcomhaontú cosanta creidmheasa a mheas mar fhálú thar an gcosaint a fuarthas tríd an gcomhaontú cosanta creidmheasa.

Uirill agus barántaí (Airteagal 26b(6) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Eintiteas de chuid an ghrúpa lena mbaineann an tionscnóir

12. Chun críocha Airteagal 26b(6) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart an “grúpa” a léirmhíniú mar an grúpa comhdhlúite lena mbaineann an t-eintiteas chun críocha cuntasáíochta nó stuamachta.

Eintiteas atá san áireamh i raon feidhme na maoirseachta ar bhonn comhdhlúite

13. Chun críocha Airteagal 26b(6) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart an “eintiteas a áirítear i raon feidhme na maoirseachta ar bhonn comhdhlúite” a léirmhíniú de réir bhrí Airteagal 26b(3) den Rialachán sin.

Gan caighdeán a bhaineann le frithghealladh nach bhfuil chomh dian

14. Chun críocha Airteagal 26b(6), pointe (e), de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart na caighdeáin a bhaineann le frithghealladh a chuirtear i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí urúsaithe a chur

i gcomparáid leis na caighdeáin a bhaineann le frithghealladh a chuirtear i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí comhchosúla tráth tionscanta na neamhchosaintí urrúsaithe.

15. Níor cheart a thabhairt le tuiscint le comhlíonadh na míre roimhe seo go bhfuil sé de cheangal ar an tionscnóir nó ar an iasachtóir bunaidh neamhchosaintí comhchosúla a bheith ina seilbh ar a chlár comhardaithe tráth a roghnaíodh na neamhchosaintí urrúsaithe nó tráth beacht a n-urrúsúcháin, ná níor cheart go gceanglófaí leis gur tionscnaíodh neamhchosaintí comhchosúla tráth ar tionscnaíodh na neamhchosaintí urrúsaithe.

Chomh fada agus is eol don tionscnóir

16. Chun críocha Airteagal 26b(6), pointe (f), de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart a mheas go bhfuil an caighdeán “chomh fada agus is eol don tionscnóir” comhlíonta i gcás ina n-úsáideann an tionscnóir faisnéis a fhaightear ó aon cheann de na foinsí nó na himthosca seo a leanas nó ó aon mheascán de na foinsí agus de na himthosca sin:

- a. faisnéis faoi fhéichiúnaithe a fuarthas tráth a dtionscnaítear na risíochtaí;
- b. faisnéis a fhaightear le linn don tionscnóir na neamhchosaintí a sheirbhísiú nó le linn a nósanna imeachta bainistithe riosca;
- c. fógraí ó thríú páirtí chuig an tionscnóir;
- d. faisnéis atá ar fáil go poiblí nó faisnéis maidir le haon iontrálacha i gclárann creidmheasa amháin nó níos mó de dhaoine a bhfuil stair chreidmheasa dhíobhálach acu tráth tionscanta risíochta foluití, ach amháin a mhéid a cuireadh an fhaisnéis sin san áireamh cheana féin i gcomhthéacs na faisnéise dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) thuas, agus i gcomhréir leis na ceanglais rialála agus mhaoirseachta is infheidhme, lena n-áirítear maidir le critéir fhóna deonaithe creidmheasa mar a shonraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/2402.

Critéir incháilitheachta, bainistiú gníomhach punainne (Airteagal 26b(7) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Bainistiú gníomhach punainne

17. Chun críocha Airteagal 26b(7) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart bainistiú punainne gníomhach a thuiscint mar bhainistiú punainne a bhfuil feidhm ag ceachtar díobh seo a leanas maidir leis:

- a. leis an mbainistiú punainne, braitheann feidhmíocht an urrúsaithe ar fheidhmíocht na neamhchosaintí foluiteacha agus ar fheidhmíocht bhainistiú phunann an urrúsaithe, rud a chuireann cosc ar na hinfheisteoirí priacal creidmheasa na neamhchosaintí foluiteacha a shamhaltú gan straitéis bainistithe punainne an bhainisteora punainne a mheas;

- b. déantar an phunann a bhainistiú chun críocha amhantracha arb é is aidhm dóibh feidhmíocht níos fearr, táirgeacht mhéadaithe, torthaí airgeadais foriomlána nó tairbhe airgeadais nó eacnamaíoch eile a bhaint amach.

18.Áirítear an méid seo a leanas ar na teicnící bainistithe punainne nár cheart a mheas mar bhainistiú punainne gníomhach:

- a. na neamhchosaintí foluiteacha atá faoi réir díospóide rialála nó imscrúdaithe a ionadú, i gcás inarb é cuspóir an ionadaithe sin réiteach na díospóide sin a éascú nó deireadh a chur leis an imscrúdú;
- b. éadáil neamhchosaintí foluiteacha nua le linn na tréimhse “uasta” chun luach na risíochtaí foluiteacha a mhéadú suas go dtí luach na n-oibleagáidí urrúsúcháin.

Critéir shoiléire incháilitheachta

19.Chun críocha Airteagal 26b(7) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart a thuiscint go bhfuil na critéir incháilitheachta “soiléir” i gcás inar féidir comhlíonadh na gcritéir sin a chinneadh ag cúirt nó binse, mar ábhar dlí nó fíorais, nó iad araon.

Na critéir incháilitheachta atá le comhlíonadh i gcás neamhchosaintí a chuirtear isteach tar éis dhúnadh an idirbhirt

20.Chun críocha Airteagal 26b(7) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart a thuiscint go gciallaíonn “critéir incháilitheachta atá chomh dian céanna ar a laghad leis na critéir a chuirtear i bhfeidhm le linn roghnú tosaigh na risíochtaí foluiteacha” go bhfuil na critéir incháilitheachta chomh dian céanna leis na critéir incháilitheachta a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na neamhchosaintí foluiteacha tosaigh tráth dúnta an idirbhirt.

21.Ba cheart na critéir incháilitheachta atá le cur i bhfeidhm maidir leis na neamhchosaintí foluiteacha i gcomhréir leis an mír roimhe seo a shonrú i ndoiciméadacht an idirbhirt agus ba cheart tagairt a dhéanamh iontu do chritéir incháilitheachta a chuirtear i bhfeidhm ar leibhéal na neamhchosanta.

Aistrithe ceadaithe

22.Leagtar síos in Airteagal 26b(7), an ceathrú fómhír, de Rialachán (AE) 2017/2402 liosta uileghabhálach de na himthosca faoina bhféadfar neamhchosaintí fholuiteach a bhaint den idirbheart.

Aonchineálacht, oibleagáidí na neamhchosaintí foluiteacha, sruthanna íocaíochta tréimhsiúla, gan urrúis inaistrithe ar bith (Airteagal 26b(8) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Oibleagáidí atá ceangailteach de réir conartha agus infhorfheidhmithe

23. Chun críocha Airteagal 26b(8), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart “oibleagáidí atá ceangailteach agus infhorfheidhmithe de réir conartha, ar féidir leo dul ar iontaoibh féichiúnaithe agus, i gcás inarb infheidhme, ráthóirí” a thuiscint mar thagairt do na hoibleagáidí uile atá i sonraíocht chonarthach na neamhchosaintí foluiteacha atá ábhartha d’infheisteoirí toisc go ndéanann siad difear d’aon oibleagáidí atá ar an bhféichiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, ar an ráthóir íocaíochtaí a dhéanamh nó urrús a sholáthar.

Risíochtaí lena mbaineann sruthanna íocaíochta tréimhsiúla

24. Chun críocha Airteagal 26b(8), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart an méid seo a leanas a áireamh i risíochtaí ag a bhfuil sruthanna íocaíochta tréimhsiúla sainithe:

- a. risíochtaí is iníochta in aon tráthchuid amháin i gcás urrúsú imrothlach, dá dtagraítear in Airteagal 26b(12), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/2402;
- b. neamhchosaintí a bhaineann le saoráidí cártaí creidmheasa;
- c. risíochtaí ina bhfuil tráthchodanna ina bhfuil ús agus ina n-aisíoctar an phríomhshuim tráth na haibíochta, lena n-áirítear morgáistí úis amháin;
- d. risíochtaí le tráthchodanna arb é atá iontu ús agus aisíoc sciar den phríomhshuim, i gcás ina gcomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) déantar an phríomhshuim atá fágtha a aisíoc tráth na haibíochta;
 - (ii) braitheann aisíocaíocht na príomhshuime ar dhíol na sócmhainní lena ndéantar na neamhchosaintí a urrúsú;
- e. neamhchosaintí lena ngabhann laethanta saoire íocaíochta sealadacha mar a chomhaontaítear go conarthach idir an féichiúnaí agus an t-iasachtóir.

Caighdeáin a bhaineann le frithghealladh, saineolas an tionscnóra (Airteagal 26b(10) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Athruithe ábhartha ar chaighdeáin a bhaineann le frithghealladh roimhe sin a nochtadh

25. Chun críocha Airteagal 26b(10), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart a thuiscint gurb é atá sna hathruithe ábhartha ar na caighdeáin a bhaineann le frithghealladh a cheanglaítear a nochtadh go hiomlán na hathruithe ábhartha sin ar na caighdeáin a bhaineann le frithghealladh a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na neamhchosaintí a chuirtear le comhthiomsú na neamhchosaintí foluiteacha tar éis dhúnadh an urrúsaithe i gcomhthéacs athshlánú nó bainistiú punainne dá dtagraítear i míreanna 20 agus 21.

26. Ba cheart athruithe ar chaighdeáin a bhaineann le frithghealladh den sórt sin a mheas mar athruithe ábhartha i gcás ina dtagraíonn siad do cheachtar de na cineálacha athruithe seo a leanas ar na caighdeáin a bhaineann le frithghealladh:

- a. athruithe a dhéanann difear don cheanglas maidir le cosúlacht na gcaighdeán a bhaineann le frithghealladh a shonraítear a thuilleadh in Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1851;
- b. athruithe a dhéanann difear ábhartha don riosca creidmheasa foriomlán nó don mheánfheidhmíocht ionchasach i gcomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha gan cuir chuige atá an-difriúil ó thaobh mheasúnú an riosca creidmheasa a bhaineann leis na neamhchosaintí foluiteacha a bheith mar thoradh orthu.

27. Ba cheart míniú ar chuspóir na n-athruithe sin a bheith san áireamh i nochtadh na n-athruithe uile ar chaighdeán a bhaineann le frithghealladh.

28. Maidir le hearraí infhaighte trádála nach dtionscnaítear i bhfoirm iasachta, ba cheart an tagairt do chaighdeán a bhaineann le frithghealladh in Airteagal 26b(10), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402 a thuiscint mar thagairt do chaighdeán chreidmheasa arna gcur i bhfeidhm ag an díoltóir maidir le creidmheas gearrthéarmach den chineál céanna as a n-eascaíonn na neamhchosaintí urrúsaithe i gcomhthéacs spriocanna íocaíochta arna gcomhaontú lena chustaiméirí i ndáil le díolacháin a chuid táirgí agus seirbhísí.

Íasachtaí cónaithe

29. I gcomhréir le hAirteagal 26b(10), an dara fhomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, ní mór nach n-áireofaí sa chomhthiomsú neamhchosaintí foluiteacha íasachtaí cónaithe a cuireadh ar an margadh agus a frithghealladh ar an mbonn gur cuireadh in iúl don iarratasóir nó d'idirghabhálaithe go bhféadfadh sé nach mbeadh an fhaisnéis a soláthraíodh fíoraithe ag an iasachtóir.

30. Íasachtaí cónaithe a frithghealladh ach nár margáíodh ar an mbonn gur cuireadh an t-iarratasóir ar íasacht nó na hidirghabhálaithe ar an eolas go bhféadfadh sé nach mbeadh an fhaisnéis a soláthraíodh fíoraithe ag an iasachtóir, nó go dtagann iarratasóir nó idirghabhálaithe na hiasachta ar an eolas tar éis an íasacht a fhrithghealladh, níor cheart a mheas go bhfuil siad faoi réir an cheanglais seo.

31. Chun críocha Airteagal 26b(10), an dara fhomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart a mheas nach n-áirítear san “fhaisnéis” arna soláthar ach faisnéis ábhartha amháin. Ba cheart ábharthacht na faisnéise a bheith bunaithe ar cibé an scála tomhais ábhartha um fhrithghealladh í an fhaisnéis, amhail faisnéis a mheastar a bheith ábhartha chun acmhainneacht creidmheasa íasachtaí a mheasúnú, chun rochtain ar chomhthaobhacht a mheasúnú agus chun an riosca calaoise a laghdú.

32. Ba cheart faisnéis ábhartha le haghaidh morgáistí cónaithe ginearálta nach gineann ioncam a mheas mar ioncam, agus de ghnáth ba cheart a mheas gur ioncam cíosa atá san fhaisnéis ábhartha maidir le morgáistí cónaithe a ghineann ioncam. Níor cheart faisnéis nach bhfuil úsáideach mar scála tomhais um fhrithghealladh amhail uimhreacha fóin phóca, a mheas mar fhaisnéis ábhartha.

Ceanglais choibhéseacha i dtríú tíortha

33. Chun críocha Airteagal 26b(10), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart an measúnú ar acmhainneacht creidmheasa iasachtaithe i dtríú tíortha a dhéanamh bunaithe ar na prionsabail seo a leanas, i gcás inarb iomchuí, mar a shonraítear i dTreoracha 2008/48/CE agus 2014/17/CE:

- a. sula dtabharfar comhaontú creidmheasa i gcrích, ar bhonn faisnéis leordhóthanach, déanfaidh an t-iasachtóir measúnú ar acmhainneacht creidmheasa an iasachtaí ar bhonn faisnéis leordhóthanach, i gcás inarb iomchuí, a fhaightear ón iasachtaí agus, i gcás inar gá, ar bhonn an bunachar sonraí ábhartha a cheadú;
- b. má chomhaontaíonn na páirtithe méid iomlán an chreidmheasa a athrú tar éis an comhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích, ba cheart don iasachtóir an fhaisnéis airgeadais atá ar fáil dó maidir leis an iasachtaí a thabhairt cothrom le dáta agus ba cheart dó acmhainneacht creidmheasa an iasachtaí a mheasúnú sula dtiocfaidh aon mhéadú suntasach ar mhéid iomlán an chreidmheasa;
- c. ba cheart don iasachtóir measúnú críochnúil a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa an iasachtaí roimh chomhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích, agus aird chuí á tabhairt ar thosca atá ábhartha chun fíorú a dhéanamh ar an dóchúlacht go gcomhlíonfaidh an t-iasachtaí a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoin gcomhaontú creidmheasa;
- d. ba cheart na nósanna imeachta agus an fhaisnéis ar a bhfuil an measúnú bunaithe a dhoiciméadú agus a choinneáil;
- e. níor cheart go mbeadh an measúnú acmhainneachta creidmheasa ag brath go príomha ar luach na maoiné cónaithe dochorraithe atá níos mó ná méid an chreidmheasa ná ar an toimhde go dtiocfaidh méadú ar luach na maoiné cónaithe dochorraithe mura é cuspóir an chomhaontaithe creidmheasa an mhaoin cónaithe dhochorraithe a thógáil nó a athchóiriú;
- f. níor cheart don iasachtóir a bheith in ann an comhaontú creidmheasa a chur ar ceal nó a athrú a luaithe a thugtar i gcrích é chun aimhleasa an iasachtaí ar an bhforas go ndearnadh an measúnú acmhainneachta creidmheasa go mícheart;
- g. níor cheart don iasachtóir an creidmheas a chur ar fáil don iasachtaí ach amháin i gcás ina léiríonn toradh an mheasúnaithe acmhainneachta creidmheasa gur dócha go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa ar an mbealach a cheanglaítear faoin gcomhaontú sin;
- h. ba cheart athmheasúnú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa an iasachtaí ar bhonn faisnéis nuashonraithe sula ndeonófar aon mhéadú suntasach ar mhéid



iomlán an chreidmheasa tar éis an comhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích murar beartaíodh an creidmheas breise sin agus é san áireamh sa mheasúnú acmhainneachta creidmheasa bunaidh.

Critéir chun saineolas an tionscnóra nó an iasachtóra bhunaidh a chinneadh

34. Chun a chinneadh an bhfuil saineolas ag tionscnóir nó ag iasachtóir bunaidh ar neamhchosaintí a thionscnamh atá comhchosúil leo siúd a ndearnadh urrúsú orthu i gcomhréir le hAirteagal 26b(10), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart feidhm a bheith ag an dá cheann díobh seo a leanas:

- a. ba cheart eolas agus scileanna leordhóthanacha a bheith ag comhaltaí chomhlachta bainistíochta an tionscnóra nó an iasachtóra bunaidh agus ag an bhfoireann shinsearach, seachas comhaltaí an chomhlachta bainistíochta, atá freagrach as bainistiú a dhéanamh ar thionscnamh neamhchosaintí de chineál comhchosúil leo siúd a ndearnadh urrúsú orthu, agus ba cheart go mbeadh scileanna leordhóthanacha acu maidir le tús a chur le neamhchosaintí atá comhchosúil leo siúd a ndearnadh urrúsú orthu;
- b. ba cheart aon cheann de na prionsabail seo a leanas maidir le cáilíocht an tsaineolais a chur san áireamh:
 - i. ba cheart ról agus dualgais chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus na foirne sinsearaí agus na gcumas is gá a bheith leordhóthanach;
 - ii. ba cheart gur leor an taithí atá ag comhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus ag na baill foirne shinsearacha a fuarthas i bpoist roimhe seo, san oideachas agus san oiliúint;
 - iii. ba cheart rannpháirtíocht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus na foirne sinsearaí laistigh de struchtúr rialachais fheidhm thionscnamh na neamhchosaintí a bheith iomchú;
 - iv. i gcás eintitis rialáilte stuamachta, ba cheart a mheas go bhfuil na húdaruithe rialála nó na ceadanna atá i seilbh an eintitis ábhartha maidir le tionscnamh neamhchosaintí de chineál comhchosúil leo sin a ndearnadh urrúsú orthu.

35. Ba cheart a mheas go bhfuil an saineolas riachtanach ag tionscnóir nó ag iasachtóir bunaidh i gcás ina bhfuil feidhm ag ceachtar de na nithe seo a leanas:

- a. áirítear le gnó an eintitis, nó gnó an ghrúpa chomhdhlúite ar leis an t-eintiteas, chun críocha cuntasáíochta nó stuamachta, tionscnamh neamhchosaintí atá comhchosúil leis na neamhchosaintí urrúsaithe ar feadh cúig bliana ar a laghad;

- b. i gcás nach gcomhlíontar an ceanglas dá dtagraítear i bpointe (a), comhlíonann siad an dá ní seo a leanas:
- i. tá taithí ghairmiúil ábhartha ag beirt chomhaltaí ar a laghad den chomhlacht bainistíochta ar thionscnamh neamhchosaintí atá comhchosúil leis na neamhchosaintí urrúsaithe, ar leibhéal pearsanta cúig bliana ar a laghad;
 - ii. tá taithí ghairmiúil ábhartha, cé is moite de chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta, atá freagrach as bainistiú a dhéanamh ar thionscnamh neamhchosaintí an eintitis cosúil leo sin a ndearnadh urrúsú orthu, taithí ghairmiúil ábhartha ar thionscnamh neamhchosaintí de chineál comhchosúil leo sin a ndearnadh urrúsú orthu, ar leibhéal pearsanta, ar feadh cúig bliana ar a laghad.

36. Chun an líon blianta de thaithí ghairmiúil a léiriú, ba cheart an saineolas ábhartha a nochtadh le mionsonraí leordhóthanacha agus i gcomhréir leis na ceanglais rúndachta is infheidhme chun a cheadú d'infheisteoirí a n-oibleagáidí faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2017/2402 a chomhlíonadh.

Risíochtaí de chineál comhchosúil

37. Chun críocha Airteagal 26b(10), an ceathrú fómhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart a mheas gur de chineál comhchosúil iad risíochtaí má chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- a. go mbaineann na risíochtaí le ceann de na catagóirí sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 1, an chéad mhír, pointí (a)(i) go (a)(iii) nó (a)(v) go (a)(vii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1851;
- b. go mbaineann na risíochtaí leis an gcatagóir sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (a)(iv), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1851, agus leis an gcineál céanna féichiúnaí dá dtagraítear in Airteagal 2(3), pointe (a), den Rialachán sin;
- c. baineann na risíochtaí leis an gcatagóir sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (a)(viii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1851, agus tá saintréithe comhchosúla acu maidir le haon cheann de na fachtóirí aonchineálachta dá dtagraítear in Airteagal 2(6) den Rialachán sin.

Gan aon neamhchosaint ar mhainneachtain ná ar fhéichiúnaithe/ráthóirí a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu (Airteagal 26b(11) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Neamhchosaintí ar mhainneachtain

38. Chun críocha Airteagal 26b(11) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart na risíochtaí ar mainneachtain a léirmhíniú de réir bhrí Airteagal 178(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, mar a shonraítear a thuilleadh sa Rialachán Tarmhligthe maidir leis an tairseach ábharthachta le haghaidh oibleagáidí creidmheasa a forbraíodh i gcomhréir le hAirteagal 178(6) den Rialachán sin, agus le Treoirlínte ÚBE maidir le cur i bhfeidhm an tsainmhínithe ar mhainneachtain a forbraíodh i gcomhréir le hAirteagal 178(7) den Rialachán sin.

39. I gcás nach institiúid é tionscnóir nó iasachtóir bunaidh agus nach bhfuil sé, dá bhrí sin, faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart don tionscnóir nó don iasachtóir bunaidh an treoir a tugadh sa mhír roimhe seo a chomhlíonadh a mhéid a mheastar nach bhfuil ualach míchuí ag baint le cur i bhfeidhm den sórt sin. Sa chás sin, ba cheart don tionscnóir nó don iasachtóir bunaidh na próisis bhunaithe agus an fhaisnéis a fuarthas ó fhéichiúnaithe maidir le tionscnamh na neamhchosaintí a chur i bhfeidhm, faisnéis a fuarthas ón tionscnóir le linn dó na neamhchosaintí a sheirbhísiú nó le linn a nósanna imeachta bainistithe riosca, nó faisnéis a chuireann tríú páirtí in iúl don tionscnóir.

Risíochtaí ar fhéichiúnaí nó ráthóir a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige

40. Chun críocha Airteagal 26b(11) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart na himthosca a shonraítear i bpointí (a) go (c) den mhír sin a thuiscint mar shainmhínithe ar lagchreidmheas. Ba cheart a thuiscint go n-eisiatar ón gceanglas seo imthosca eile a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le laige chreidmheasa nach ngabhtar i bpointí (a) go (c).

41. Maidir leis an toirmeasc ar neamhchosaintí foluiteacha “ar fhéichiúnaí nó ráthóir a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige” a áireamh i gcomhthiomsú na neamhchosaintí foluiteacha dá dtagraítear in Airteagal 26b(11) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart é a thuiscint mar an ceanglas gur cheart, tráth an roghnúcháin, dul ar iontaoibh mhéid iomlán na neamhchosanta urrúsaithe ar pháirtí amháin ar a laghad nach bhfuil fadhbanna creidmheasa aige, gan beann ar cé acu an féichiúnaí nó ráthóir an páirtí sin. Dá bhrí sin, níor cheart aon cheann de na nithe seo a leanas a áireamh sna neamhchosaintí foluiteacha:

- a. neamhchosaintí ar fhéichiúnaí a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige, nuair nach bhfuil aon ráthóir ann do mhéid iomlán na neamhchosanta urrúsaithe;
- b. neamhchosaintí ar fhéichiúnaí a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige agus a bhfuil ráthóir a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige.

Chomh fada agus is eol don tionscnóir nó don iasachtóir bunaidh

42. Chun críocha Airteagal 26b(11) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart a mheas gur comhlíonadh an caighdeán “chomh fada agus is eol don tionscnóir” ar bhonn faisnéis a fuarthas ó aon cheann de na teaglamaí foinsí agus imthosca seo a leanas amháin:

- a. féichiúnaithe maidir le tionscnamh na neamhchosaintí;

- b. an tionscnóir le linn dó na neamhchosaintí a sheirbhísiú nó le linn a nósanna imeachta bainistithe riosca;
- c. fógraí ó thríú páirtí chuig an tionscnóir;
- d. faisnéis atá ar fáil go poiblí nó faisnéis maidir le haon iontrálacha i gclárann creidmheasa amháin nó níos mó de dhaoine a bhfuil stair chreidmheasa dhíobhálach acu tráth tionscanta risíochta foluití, ach amháin a mhéid a cuireadh an fhaisnéis sin san áireamh cheana i gcomhthéacs (a), (b) agus (c), agus i gcomhréir leis na ceanglais rialála agus mhaoirseachta is infheidhme, lena n-áirítear maidir le critéir fhónta deonaithe creidmheasa mar a shonraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/2402. Is amhlaidh atá cé is moite d'earraí infhaighte trádála nach dtionscnaítear i bhfoirm iasachta, nach gá critéir deonaithe creidmheasa a chomhlíonadh ina leith.

Neamhchosaintí ar fhéichiúnaithe nó ráthóirí a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu a chuaigh faoi phróiseas um athstruchtúráil fiachais

43. Chun críocha Airteagal 26b(11), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/2402, maidir leis an gceanglas risíochtaí ar fhéichiúnaithe nó ráthóirí a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu agus a chuaigh faoi phróiseas athstruchtúraithe fiachais i ndáil lena neamhchosaintí neamhthuillmheacha a eisiáimh, ba cheart a thuiscint go dtagraíonn sé do neamhchosaintí athstruchtúraithe an fhéichiúnaí nó an ráthóra faoi seach agus neamhchosaintí a neamhchosaintí nach raibh faoi réir athstruchtúraithe. Chun críocha na míre seo, maidir le risíochtaí athstruchtúraithe a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 26b(11), pointí (a)(i) agus (a)(ii), de Rialachán (AE) 2017/2402, níor cheart go n-ainmneofaí féichiúnaí nó ráthóir mar fhéichiúnaí nó ráthóir a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige.

Clár creidmheasa

44. Ba cheart an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 26b(11), pointe (b), de Rialachán (AE) 2017/2402 a thuiscint mar cheanglas atá teoranta do neamhchosaintí ar fhéichiúnaithe nó ar ráthóirí a bhfuil feidhm ag an dá choinníoll seo a leanas maidir leo tráth a thionscnaítear an neamhchosaint fholuiteach:

- a. go luaitear an féichiúnaí nó an ráthóir go sainráite i gclár creidmheasa mar eintiteas a bhfuil stair dhíobhálach creidmheasa aige mar gheall ar stádas diúltach nó faisnéis dhiúltach atá stóráilte sa chlár creidmheasa;
- b. tá an féichiúnaí nó an ráthóir ar an gclár creidmheasa ar chúiseanna atá ábhartha chun críocha an mheasúnaithe ar riosca creidmheasa.

An riosca nach ndéanfar íocaíochtaí a comhaontaíodh de réir conartha a bheith i bhfad níos airde ná i gcás neamhchosaintí inchomparáide

45. Chun críocha Airteagal 26b(11), pointe (c), de Rialachán (AE) 2017/2402, níor cheart a mheas go bhfuil “measúnú creidmheasa nó scór creidmheasa ag féichiúnaithe nó ráthóirí risíochtaí a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu lena dtugtar le fios go bhfuil an riosca nach ndéanfar íocaíochtaí arna gcomhaontú de réir conartha i bhfad níos airde ná i gcás risíochtaí inchomparáide féichiúnaithe nó ráthóirí eile a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu atá i seilbh an tionscnóra nach bhfuil urrúsaithe” nuair a bheidh feidhm ag an dá choinníoll seo a leanas:

- a. tá na fachtóirí is ábhartha lena gcinntear feidhmíocht ionchasach na neamhchosaintí foluiteacha agus na neamhchosaintí inchomparáide comhchosúil;
- b. mar thoradh ar an gcosúlacht dá dtagraítear i bpointe (a), d’fhéadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach, ar bhonn tásc amhail feidhmíocht roimhe seo nó na samhlacha is infheidhme, nach mbeadh feidhmíocht na neamhchosaintí foluiteacha i bhfad níos measa ná feidhmíocht na neamhchosaintí inchomparáide thar shaolré an idirbhirt nó thar uastréimhse ceithre bliana, i gcás ina bhfuil saolré an idirbhirt níos faide ná ceithre bliana.

46. Ba cheart a mheas gur comhlíonadh na coinníollacha sa mhír roimhe seo i gcás ina mbeidh feidhm ag ceachtar de na nithe seo a leanas:

- a. ní áirítear leis na neamhchosaintí foluiteacha neamhchosaintí atá aicmithe mar neamhchosaintí amhrasacha, lagaithe nó neamhthuillmheacha, nó atá aicmithe le héifeacht chomhchosúil faoi na príonsabail chuntasaíochta ábhartha;
- b. ní áirítear leis na neamhchosaintí foluiteacha neamhchosaintí ar fhéichiúnaithe nó ar ráthóirí a bhfuil a gcáilíocht chreidmheasa, bunaithe ar rátálacha creidmheasa nó tairseacha cáilíochta creidmheasa eile, i bhfad níos measa ná cáilíocht chreidmheasa féichiúnaithe nó ráthóirí neamhchosaintí inchomparáide a thionscnaíonn an tionscnóir le linn a oibríochtaí caighdeánacha iasachtaithe agus a straitéise riosca creidmheasa.

Íocaíocht amháin ar a laghad déanta (Airteagal 26b(12) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Raon feidhme an chritéir

47. Chun críocha Airteagal 26b(12) de Rialachán (AE) 2017/2402, maidir le hairleacain agus líníochtaí breise i dtéarmaí neamhchosaint amháin nó athstruchtúru na neamhchosanta céanna ar iasachtaí áirithe, níor cheart a mheas go spreagann siad ceanglas nua “íocaíochta amháin ar a laghad” i ndáil le neamhchosaint den sórt sin.

48. Chun críocha Airteagal 26b(12) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart ceanglas nua “íocaíochta amháin ar a laghad” a spreagadh i ndáil le risíocht den sórt sin leis an roghnú a bheartaítear a dhéanamh ar neamhchosaint ar leith eile ar an iasachtaí céanna.

Íocaíocht amháin ar a laghad



49. Chun críocha Airteagal 26b(12) de Rialachán (AE) 2017/2402, maidir leis an íocaíocht dá dtagraítear sa cheanglas ar dá réir ba cheart “íocaíocht amháin ar a laghad” a bheith déanta tráth a chuirtear na neamhchosaintí foluiteacha san áireamh, ba cheart í a bheith ina híocaíocht chíos, príomhshuime nó úis nó ina haon chineál eile gnáthíocaíochta a shonraítear sa chomhaontú conarthach a bhaineann leis an risíocht.

5. Critéir a bhaineann le caighdeánú

Comhlíonadh na gceanglas maidir le coinneáil riosca (Airteagal 26c(1) de Rialachán (AE) 2017/2402)

50. Chun críocha Airteagal 26c(1) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart do na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 29(5) den Rialachán sin agus do na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 29, míreanna 2 go 4, den Rialachán sin comhoibriú go dlúth i gcomhréir le hAirteagal 36 den Rialachán sin, i gcás ina bhfuil siad éagsúil.

Maolú iomchuí ar rioscaí úis agus airgeadra (Airteagal 26c(2) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Díorthaigh

51. Chun críocha Airteagal 26c(2), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, níor cheart a thuiscint go bhfuil toirmeasc ar neamhchosaintí i gcomhthiomsú na neamhchosaintí foluiteacha nach bhfuil iontu ach comhpháirt dhíorthach a fhreastalaíonn go heisiach ar riosca ráta úis nó riosca airgeadra na neamhchosanta foluití féin, nach díorthaigh iad féin, a fhálú go díreach.

Comhchaighdeáin i réimse an airgeadais idirnáisiúnta

52. Chun críocha Airteagal 26c(2), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart ISDA nó caighdeáin doiciméadachta náisiúnta sheanbhunaithe chomhchosúla a áireamh i gcomhchaighdeáin airgeadais idirnáisiúnta.

Íocaíochtaí úis dá dtagraítear (Airteagal 26c(3) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Rátaí úis dá dtagraítear

53. Chun críocha Airteagal 26c(3) de Rialachán (AE) 2017/2402, maidir le rátaí úis ar cheart a mheas gur bonn tagartha leordhóthanach iad le haghaidh íocaíochtaí úis tagartha, ba cheart na nithe uile seo a leanas a áireamh iontu:

- a. rátaí idirbhainc lena n-áirítear Libor, Euribor agus tagarmharcanna aitheanta eile;
- b. rátaí úis tagartha seanbhunaithe eile amhail EURSTR, SONIA, SOFR agus TONA;
- c. rátaí arna socrú ag údaráis beartais airgeadaíochta, lena n-áirítear rátaí cistí feidearálacha agus rátaí lascaine na mbanc ceannais;
- d. rátaí earnála lena léirítear costas cistí iasachtóra, lena n-áirítear rátaí caighdeánacha athraitheacha agus rátaí úis inmheánacha a léiríonn go díreach costais an mhargaidh a bhaineann le cistiú bainc nó fothacar institiúidí, a mhéid a

sholáthraítear sonraí leordhóthanacha d'infheisteoirí chun go mbeidh siad in ann measúnú a dhéanamh ar an ngaol idir na rátaí eanála agus rátaí eile an mhargaidh.

Foirmlí nó díorthaigh chasta

54. Chun críocha Airteagal 26c(3) de Rialachán (AE) 2017/2402, níor cheart a thuiscint gur foirmle chasta nó díorthaigh chasta iad caidhpeanna ráta úis nó íosrátaí úis.

Ceanglais tar éis fógra forfheidhmiúcháin (Airteagal 26c(4) de Rialachán (AE) 2017/2402)

An méid atá gaistithe in SSPE

55. Chun críocha Airteagal 26c(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart an méid airgid thirim a mheasfar a bheith gaistithe in SSPE a chinneadh mar a leagtar amach i ndoiciméadacht an idirbhirt.

56. Chun críocha Airteagal 26c(4) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart go mbeadh sé incheadaithe an t-airgead tirim in SSPE a ghaistiú i bhfoirm cúlchiste lena úsáid amach anseo, ar choinníoll go bhfuil úsáid an chúlchiste teoranta go heisiach do na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 26c(4), an dara fomhír, den Rialachán sin, lena n-áirítear aisíocaíocht ordúil leis na hinfeisteoirí.

Leithdháileadh caillteanas agus amúchadh tráinsí (Airteagal 26c(5) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Truicir

57. Chun críocha Airteagal 26c(5) de Rialachán (AE) 2017/2402, sa bhreis ar na truicir íosta a éilítear, féadfaidh na páirtithe san idirbheart a chomhaontú truicir eile a bhaineann le feidhmíocht a chur san áireamh. Má tharlaíonn teagmhas trucearta d'aon trucear a bhaineann le feidhmíocht, ba cheart go gcuirfí amúchadh na dtráinsí urrúsúcháin ar ais chuig íocaíocht sheicheamhach in ord sinsearachta, beag beann ar cé acu a bheidh feidhm ag truicir eile.

Filleadh ar amúchadh neamhsheicheamhach

58. Chun críocha Airteagal 26c(5), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, a luaithe a chuirfear frithdhílse an amúchta i leith íocaíochta seicheamhá i bhfeidhm mar thoradh ar shárú ar aon trucear a bhaineann le feidhmíocht, níor cheart fillleadh ar amúchadh neamhsheicheamhach a cheadú i gcomhréir le doiciméadacht an idirbhirt.

Doiciméadacht an idirbhirt (Airteagal 26c(7) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Caighdeán seirbhísithe



59. Chun críocha Airteagal 26c(7), pointe (d), de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart caighdeáin seirbhísithe a thuiscint mar chaighdeáin a bhaineann le seirbhísiú a shonraítear i ndoiciméadacht an idirbhirt idirbhirt nach mór a chomhlíonadh le linn shaolré an idirbhirt urrúsúcháin.

Nósanna imeachta seirbhísithe

60. Chun críocha Airteagal 26c(7), pointe (c), de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart na nósanna imeachta seirbhísithe a thuiscint mar nósanna imeachta iarbhír is gá chun comhlíonadh na gcaighdeán seirbhísithe a áirithiú. Féadfar na nósanna imeachta a oiriúnú le linn shaolré an idirbhirt urrúsúcháin fad a leantar de bheith ag comhlíonadh na gcaighdeán seirbhísithe.

Contrapháirtithe idirbhirt

61. Chun críocha Airteagal 26c(7), pointe (b), de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart an t-iontaobhaí agus an gníomhaire fíoraithe tríú páirtí a bheith difriúil ón seirbhíseoir, ón infheisteoir agus ón tionscnóir i gcónaí. Sa bhreis air sin, ba cheart don ghníomhaire fíoraithe tríú páirtí na ceanglais a shonraítear i mír a chomhlíonadh 73.

Ceanglais saineolais agus seirbhísithe an tseirbhíseora (Airteagal 26c(8) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Critéir chun saineolas an tseirbhíseora a chinneadh

62. Chun a chinneadh an bhfuil saineolas ag seirbhíseoir ar neamhchosaintí de chineál comhchosúil leis na neamhchosaintí urrúsaithe a sheirbhísiú i gcomhréir le hAirteagal 26c(8) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart feidhm a bheith ag an dá cheann díobh seo a leanas:

- a. ba cheart eolas agus scileanna leordhóthanacha a bheith ag comhaltaí chomhlachta bainistíochta an tseirbhíseora agus ag an bhfoireann shinsearach, cé is moite de chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta, atá freagrach as neamhchosaintí de chineál comhchosúil leo siúd a ndearnadh urrúsú orthu, a sheirbhísiú i dtaca le neamhchosaintí a sheirbhísiú atá comhchosúil leo siúd a ndearnadh urrúsú orthu;
- b. ba cheart aon cheann de na prionsabail seo a leanas maidir le cáilíocht an tsaineolais a chur san áireamh agus an saineolas á chinneadh:
 - i. ba cheart ról agus dualgais chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus na foirne sinsearaí agus na gcumas is gá a bheith leordhóthanach;
 - ii. ba cheart gur leor an taithí atá ag comhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus ag na baill foirne shinsearacha a fuarthas i bpoist roimhe seo, san oideachas agus san oiliúint;



- iii. ba cheart rannpháirtíocht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus na foirne sinsearaí laistigh de struchtúr rialachais fheidhm sheirbhísiú na neamhchosaintí a bheith iomchuí;
- iv. i gcás eintitis atá rialáilte ó thaobh stuamachta de, ba cheart a mheas go bhfuil na húdaruithe nó na ceadanna rialála atá i seilbh an eintitis ábhartha maidir le neamhchosaintí atá comhchosúil leo sin a ndearnadh urrúsú orthu a sheirbhísiú.

63. Ba cheart a mheas go bhfuil an saineolas is gá ag seirbhíseoir i gcás ina bhfuil feidhm ag ceachtar de na nithe seo a leanas:

- a. tá seirbhísiú neamhchosaintí de chineál comhchosúil leis na neamhchosaintí urrúsaithe ar feadh cúig bliana ar a laghad san áireamh i ngnó an eintitis, nó i ngnó an ghrúpa chomhdhlúite ar cuid de an t-eintiteas chun críocha cuntasaíochta nó stuamachta;
- b. i gcás nach gcomhlíontar an ceanglas dá dtagraítear i bpointe (a), comhlíonann sé gach ceann de na nithe seo a leanas:
 - i. tá taithí ghairmiúil ábhartha ag beirt chomhaltaí ar a laghad dá chomhlacht bainistíochta ar neamhchosaintí de chineál comhchosúil leo sin a ndearnadh urrúsú orthu, ar leibhéal pearsanta, cúig bliana ar a laghad a sheirbhísiú;
 - ii. tá taithí ghairmiúil ábhartha cúig bliana ar a laghad ag foireann shinsearach, seachas comhaltaí den chomhlacht bainistíochta, atá freagrach as seirbhísiú an eintitis ar neamhchosaintí de chineál comhchosúil leis na neamhchosaintí urrúsaithe a bhainistiú, de chúig bliana ar a laghad;
 - iii. faigheann feidhm sheirbhísiú an eintitis tacaíocht ó sheirbhíseoir cúltaca a chomhlíonann pointe (a).

64. Chun an líon de bhlianta de thaithí ghairmiúil a léiriú, ba cheart an saineolas ábhartha a nochtadh le mionsonraí leordhóthanacha agus i gcomhréir leis na ceanglais rúndachta is infheidhme chun a cheadú d'infheisteoirí a n-oibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2017/2402 a chomhlíonadh.

Risíochtaí de chineál comhchosúil

65. Chun críocha Airteagal 26c(8) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart léirmhíniú an téarma “risíochtaí de chineál comhchosúil” a leanúint leis an léirmhíniú dá bhforáiltear i mír 37.

Beartais, nósanna imeachta agus rialuithe bainistithe riosca atá dea-dhoiciméadaithe agus leordhóthanach

66.Chun críocha Airteagal 26c(8) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart a mheas go bhfuil “beartais, nósanna imeachta agus rialuithe bainistithe riosca dea-dhoiciméadaithe leordhóthanacha a bhaineann le neamhchosaintí a sheirbhísiú” ag an seirbhíseoir i gcás ina gcomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:

- a. is eintiteas é an seirbhíseoir atá faoi réir rialú stuamachta agus caipitil agus maoirseachta san Aontas agus meastar go bhfuil a údaruithe nó a cheadanna rialála ábhartha maidir leis an seirbhísiú;
- b. is eintiteas é an seirbhíseoir nach bhfuil faoi réir rialú stuamachta agus caipitil agus maoirseachta san Aontas, agus soláthraítear cruthúnas go bhfuil beartais agus rialuithe bainistithe riosca dea-dhoiciméadaithe agus leordhóthanacha ann, lena n-áirítear freisin cruthúnas go bhfuiltear ag cloí le dea-chleachtais mhargaidh agus le cumais tuairiscithe. Ba cheart go dtabharfadh athbhreithniú iomchuí tríú páirtí, amhail gníomhaireacht rátála creidmheasa nó iniúchóir seachtrach, bunús leis an gcruthúnas.

Réiteach tráthúil coinbhleachtaí idir infheisteoirí (Airteagal 26c(10) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Forálacha soiléire lena n-éascaítear réiteach tráthúil coinbhleachtaí idir aicmí éagsúla infheisteoirí

67.Chun críocha Airteagal 26c(10) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart an méid seo a leanas go léir a áireamh i bhforálacha dhoiciméadach an idirbhirt “a éascaíonn réiteach tráthúil coinbhleachtaí idir aicmí éagsúla infheisteoirí” le haghaidh idirbhearta urrúsúcháin le níos mó ná infheisteoir amháin:

- a. an modh chun cruinnithe a ghairm nó chun glaonna comhdhála a shocrú;
- b. an tréimhse uasta chun glao cruinnithe nó comhdhála a chur ar bun;
- c. an córam is gá;
- d. íostairseacha na vótaí chun cinneadh den sórt sin a bhailíochtú, agus idirdhealú soiléir idir na tairseacha íosta do gach cineál cinnidh;
- e. i gcás inarb infheidhme, suíomh do na cruinnithe ar cheart a bheith san Aontas.

68.Chun críocha Airteagal 26c(10) de Rialachán (AE) 2017/2402, i gcás ina bhfuil forálacha reachtúla éigeantacha ann sa dlínse is infheidhme lena leagtar amach conas is gá coinbhleachtaí idir infheisteoirí a réiteach, féadfar tagairt a dhéanamh i ndoiciméadacht an idirbhirt do na forálacha sin.



6. Critéir a bhaineann le trédhearcacht

Sonraí maidir le feidhmíocht stairiúil mainneachtana agus cailteanais (Airteagal 26d(1) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Sonraí

69. Chun críocha Airteagal 26d(1) de Rialachán (AE) 2017/2402, i gcás nach féidir leis an tionscnóir sonraí a sholáthar i gcomhréir leis na ceanglais sonraí atá ann, féadfar sonraí seachtracha atá ar fáil go poiblí nó a sholáthraíonn tríú páirtí, amhail gníomhaireacht rátála nó rannpháirtí eile sa mhargadh, a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais eile uile an Airteagail sin.

Risíochtaí atá an-chosúil le chéile

70. Chun críocha Airteagal 26d(1) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart an téarma “risíochtaí atá comhchosúil go substaintiúil” a thuiscint mar thagairt do risíochtaí a gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas ina leith:

- a. tá na fachtóirí is ábhartha lena gcinntear feidhmíocht ionchasach na neamhchosaintí foluiteacha cosúil le chéile;
- b. mar thoradh ar an gcosúlacht dá dtagraítear i bpointe (a), d’fhéadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach, ar bhonn tásca amhail feidhmíocht roimhe seo nó samhlacha is infheidhme, nach mbeadh a bhfeidhmíocht i bhfad ní ba mheasa ná feidhmíocht na neamhchosaintí urrúsaithe thar shaolré an idirbhirt, nó thar uastréimhse ceithre bliana, i gcás inar faide ná ceithre bliana saolré an idirbhirt.

71. Chun críocha Airteagal 26d(1) de Rialachán (AE) 2017/2402, níor cheart na neamhchosaintí atá mórán cosúil leo a bheith teoranta do neamhchosaintí atá ar chlár comhardaithe an tionscnóra.

Sampla de na risíochtaí foluiteacha a fhíorú (Airteagal 26d(2) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Sampla de na neamhchosaintí foluiteacha faoi réir fíorú seachtrach

72. Chun críocha Airteagal 26d(2) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart na neamhchosaintí foluiteacha ba cheart a bheith faoi réir fíorú roimh dháta deiridh an idirbhirt a bheith ina shampla ionadaíoch den phunann shealadach as a mbaintear an comhthiomsú urrúsaithe agus atá i bhfoirm réasúnta críochnaitheach roimh dháta deiridh an idirbhirt.

Páirtí a fhorghníomhaíonn an fíorú

73. Chun críocha Airteagal 26d(2) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart a mheas go bhfuil páirtí iomchuí agus neamhspleách nuair a chomhlíonann sé an dá choinníoll seo a leanas:

- a. go bhfuil an taithí agus an cumas aige an fíorú a dhéanamh;
- b. níl aon cheann de na nithe seo a leanas ann:
 - i. Gníomhaireacht rátála creidmheasa;
 - ii. tríú páirtí a fhóiraíonn comhlíontacht STS i gcomhréir le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) 2017/2402;
 - iii. eintiteas atá cleamhnaithe leis an tionscnóir, leis an urraitheoir, leis an infheisteoir nó le SSPE.

Raon feidhme an fhóraithe

74. Chun críocha Airteagal 26d(2) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart an fíorú a dhéanamh agus modh iomchuí staidrimh á chur i bhfeidhm agus é bunaithe ar shampla randamach de neamhchosaintí foluiteacha a bhaintear as na neamhchosaintí foluiteacha san urrúsú, agus ba cheart méid an tsampla a chinneadh chun a áirithiú go mbeidh an dóchúlacht (leibhéal muiníne) diúltú i gceart don hipitéis nach bhfuil aon eisceachtaí ón gceanglas i gcomhthiomsú iomlán na risíochtaí foluiteacha san urrúsú cothrom le 95 % ar a laghad (i.e. ba cheart gur 5 % a bheadh sa dóchúlacht go nglacfaí le comhthiomsú iomlán gan eisceachtaí de chineál II, mar a thugtar air).

75. I gcás ar bith, ba cheart gurbh é 50 líon íosta na neamhchosaintí foluiteacha sa sampla. I gcás urrúsuithe ina bhfuil níos lú ná 50 neamhchosaintí fholuiteach i gcomhthiomsú na neamhchosaintí foluiteacha, ba cheart na neamhchosaintí foluiteacha uile a bheith sa sampla.

76. Ba cheart a áireamh san fhíorú sin seiceáil ar bhunachar sonraí nó ar chórais TF an tionscnóra i gcomparáid leis an gcomhaontú cosanta creidmheasa agus leis an doiciméadacht ghaolmhar chun a dheimhniú go spreagfadh teagmhas creidmheasa íocaíocht cosanta creidmheasa ón infheisteoir i gcás ina sannfaí cailleanais ar an neamhchosaintí fholuiteach atá faoi réir teagmhais chreidmheasa don tráinse nó do na tráinsí cosanta i ndáil leis na neamhchosaintí atá faoi réir an fhóraithe. I gcás nach féidir an fíorú sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as bunachar sonraí nó córais TF an tionscnóra, ba cheart don pháirtí a dhéanfaidh an fíorú cineálacha eile doiciméad nó taifead a sheiceáil chun an fíorú a dhéanamh.

77. Ba cheart an fíorú a dhéanamh i bhfoirm tuarascáil ar nósanna imeachta comhaontaithe.

Deimhniú ar an bhfíorú

78. Chun críocha Airteagal 26d(2) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart dearbhú a nochtadh gur tharla an fíorú sin agus nár aimsíodh aon torthaí díobhálacha suntasacha.

Roimh dhúnadh an idirbhirt

79. Chun críocha Airteagal 26d(2) de Rialachán (AE) 2017/2402, i gcás nach n-eisítear aon nótaí faoi urrúsú sintéiseach, ba cheart an téarma roimh dhúnadh an idirbhirt a léirmhíniú mar thagairt

don tréimhse sula dtiocfaidh an ráthaíocht nó an díorthach creidmheasa faoin gcomhaontú cosanta creidmheasa in éifeacht.

Samhail an tsreafa airgid dliteanais (Airteagal 26d(3) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Léiriú beacht ar an gcaidreamh conarthach

80. Chun críocha Airteagal 26d(3) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart a mheas go ndearnadh an tsamhail sreafa airgid dliteanais “go cruinn” i gcás ina ndéantar é go beacht agus go mionchruinn chun deis a thabhairt d’infheisteoirí oibleagáidí íocaíochta, lena n-áirítear oibleagáidí SSPE, i gcás inarb infheidhme, a shamhaltú agus chun an t-urrúsú a phraghsáil dá réir. D’fhéadfadh algartaim a bheith san áireamh leis sin lena gceadaítear d’infheisteoirí raon cásanna éagsúla a shamhaltú a mbeidh tionchar acu ar shreafaí airgid, amhail rátaí éagsúla réamhíocaíochta nó mainneachtana.

Tríú páirtithe

81. Chun críocha Airteagal 26d(3) de Rialachán (AE) 2017/2402, i gcás ina bhforbraíonn soláthraithe tríú páirtí an tsamhail sreafa airgid dliteanais, ba cheart don tionscnóir leanúint de bheith freagrach as an bhfaisnéis a chur ar fáil d’infheisteoirí ionchasacha.

Feidhmíocht chomhshaoil agus nochtaí inbhuanaitheachta na sócmhainní (Airteagal 26a(4) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Faisnéis atá ar fáil a bhaineann leis an bhfeidhmíocht chomhshaoil agus na drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta

82. Níor cheart an ceanglas in Airteagal 26d(4) de Rialachán (AE) 2017/2402 a bheith infheidhme ach amháin má tá an fhaisnéis maidir leis na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar fáil, nó i gcás ina bhfuil an fhaisnéis maidir le drochthionchair príomha ar thosca inbhuanaitheachta na sócmhainní arna maoiniú ag na neamhchosaintí foluiteacha dá dtagraítear sa dara fhomhír ar fáil don tionscnóir agus don tionscnóir a chinneann an dara fhomhír sin a chur i bhfeidhm, agus i gcás ina ngabhtar an fhaisnéis faoi seach ina bhunachar sonraí inmheánach nó ina chórais TF. I gcás nach bhfuil aon fhaisnéis den sórt sin ar fáil ach do chion de na neamhchosaintí foluiteacha, níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas ach amháin maidir le cion na neamhchosaintí foluiteacha a bhfuil faisnéis ar fáil ina leith.

Comhlíonadh na gceanglas maidir le nochtadh faoi Airteagal 7 (Airteagal 26d(5) de Rialachán (AE) 2017/2402)

83. Chun críocha Airteagal 26a(5) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart do na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 29(5) den Rialachán sin agus do na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 29, míreanna 2 go 4, den Rialachán sin, comhoibriú go dlúth i gcomhréir le hAirteagal 36 den Rialachán sin, i gcás ina bhfuil siad éagsúil.

7. Critéir a bhaineann go sonrach le hurrúsú laistigh den chlár comhardaithe

Teagmhais chreidmheasa a chumhdaítear faoin gcomhaontú cosanta creidmheasa (Airteagal 26e(1) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Teagmhais chreidmheasa bhreise

84. Chun críocha Airteagal 26e(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, níor cheart go gcuirfeadh an ceanglas maidir leis an gcomhaontú cosanta creidmheasa chun na teagmhais chreidmheasa a leagtar amach san fhomhír sin ar a laghad a chumhdach cosc ar na páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le teagmhais chreidmheasa bhreise nó sainmhínithe níos déine ar na teagmhais dá dtagraítear i gCaibidil 4 de Theideal II de Chuid a Trí de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Íocaíochtaí cosanta creidmheasa (Airteagal 26e(2) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Comhréireach le sciar mhéid ainmniúil gan íoc na risíochta foluití

85. Chun críocha Airteagal 26e(2) de Rialachán (AE) 2017/2402, má tá méid na risíochta foluití a chumhdaítear leis an gcomhaontú cosanta creidmheasa níos ísle ná méid barúlach gan íoc na neamhchosanta foluití, ba cheart na híocaíochtaí cosanta creidmheasa eatramhacha agus deiridh a ríomh sa chion céanna (*pro rata*) leis an sciar den mhéid ainmniúil gan íoc a chumhdaítear leis an gcomhaontú cosanta creidmheasa.

Íocaíocht eatramhach cosanta creidmheasa a chinneadh

86. Chun críocha Airteagal 26e(2), an dara fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2017/2402, níor cheart a thuiscint go bhfuil “i gcás inarb infheidhme” infheidhme ach amháin má tá cead faighte ag an tionscnóir ón údarás inniúil Cur Chuige IRB a chur i bhfeidhm chun méid an chailteanais ionchasaigh a chinneadh maidir leis an risíocht fholuiteach faoi seach a bhfuil measúnú á dhéanamh ar an gcoinníoll “níos airde” ina leith, agus i gcás ina ndearna an t-údarás inniúil measúnú dá réir sin ar an gcóras rátála a úsáideadh don risíocht fholuiteach lena úsáid faoin gCur Chuige IRB.

Méid an chailteanais ionchasaigh

87. Chun críocha Airteagal 26e(2) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart méid an chailteanais ionchasaigh a ríomh ar leibhéal na risíochtaí foluiteacha aonair ar tharla teagmhas creidmheasa ina leith. De mhaolú air sin, féadfar méid an chailteanais ionchasaigh a ríomh ar an leibhéal fochomhthiomsaithe le haghaidh risíochtaí ar mhiondíol i gcomhréir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le ríomh KIRB i gcomhréir le cur chuige na n-earraí infhaighte ceannaithe, a forbraíodh i gcomhréir le hAirteagal 255(9) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Oibriú amach fiachais agus préimheanna cosanta creidmheasa (Airteagal 26e(3) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Ag brath ar mhéid ainmniúil gan íoc na neamhchosaintí tuillmheacha urrúsaithe tráth na híocaíochta

88.Chun críocha Airteagal 26e(3), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, i gcás nach gcumhdaíonn an comhaontú cosanta creidmheasa na neamhchosaintí tuillmheacha urrúsaithe ach i bpáirt, ba cheart na préimheanna cosanta creidmheasa atá le híoc faoin gcomhaontú cosanta creidmheasa a struchtúru mar phréimheanna atá ag brath ar an gcuid den mhéid ainmniúil gan íoc de na neamhchosaintí tuillmheacha urrúsaithe a chumhdaítear leis an gcomhaontú cosanta creidmheasa.

Gníomhaire fíoraithe tríú páirtí (Airteagal 26e(4) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Páirtí a fhorghníomhaíonn an fíorú

89.Chun críocha Airteagal 26e(4) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart don ghníomhaire fíoraithe tríú páirtí an dá choinníoll seo a leanas a chomhlíonadh:

- a. go bhfuil an taithí agus an cumas aige an fíorú a dhéanamh;
- b. níl aon cheann de na nithe seo a leanas ann:
 - i. Gníomhaireacht rátála creidmheasa;
 - ii. tríú páirtí a fhíoraíonn comhlíontacht STS i gcomhréir le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) 2017/2402;
 - iii. eintiteas atá cleamhnaithe leis an tionscnóir, leis an urraitheoir, leis an infheisteoir nó le SSPE.

Fíorú samplach i gcás urrúsaithe le suíomhanna mezzanine

90.Chun críocha Airteagal 26e(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, gan dochar do cheart na n-infheisteoirí fíorú incháilitheacht aon risíochta foluití ar leith a iarraidh, féadfaidh na páirtithe san urrúsú a chomhaontú go dtosóidh an próiseas fíoraithe samplach tar éis do phointe dí-astaithe an tráinse céadchailteanais laghdú faoi bhun céatadán áirithe den phointe dí-astaithe sin arna chinneadh ar dháta deiridh an idirbhirt, i gcás urrúsaithe ag a bhfuil suíomhanna mezzanine.

Méid an chailteanais deiridh

91.Chun críocha Airteagal 26e(4), an chéad fhomhír, pointe (e), de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart “méid an chailteanais deiridh” a thuiscint mar “mheastachán cailteanais deiridh an tionscnóra” dá dtagraítear in Airteagal 26e(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin, i gcás nach ndearnadh aon íocaíocht deiridh cosanta creidmheasa le haghaidh neamhchosaint fholuiteach faoi réir teagmhas creidmheasa ag deireadh thréimhse an tsínidh a shonraítear sa chomhaontú cosanta creidmheasa.

Teagmhais luathfhoirceannta ag an tionscnóir (Airteagal 26e(5) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Ríomh mheánré ualaithe na punainne tagartha tosaigh

92.Chun críocha Airteagal 26e(5), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart meánré ualaithe (WAL) phunann tagartha tosaigh na risíochtaí foluiteacha a ríomh trí ualú ama a dhéanamh ar aisíocaíochtaí na bpríomhshuimeanna agus níor cheart aon toimhdí réamhíocaíochta ná aon íocaíocht a bhaineann le táillí nó ús a bheidh le hóc ag féichiúnaithe na risíochtaí foluiteacha a chur san áireamh.

Tréimhse athshlánaithe nó tréimhse imrothlach

93.Chun críocha Airteagal 26e(5), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2017/2402, i gcás ina bhfuil tréimhse athshlánaithe nó tréimhse imrothlach ann, ba cheart gurb é a bheadh sa WAL suim na tréimhse athshlánaithe nó na tréimhse imrothlaí agus an WAL measta arna ríomh ag deireadh na tréimhse athlíoanta nó na tréimhse imrothlaí. Le haghaidh an mheastacháin sin, i gcás gach neamhchosaint urrúsaithe a thioctaidh in aibíocht roimh dheireadh na tréimhse athshlánaithe nó imrothlaigh, ba cheart don tionscnóir an aibíocht sceidealta a choigeartú chun bheith cothrom le suim a haibíochta reatha agus na haibíochta is faide a cheadaítear de neamhchosaint atá incháilithe le cur leis an bpunann urrúsaithe le linn na tréimhse athlíoanta nó na tréimhse imrothlaí. Ba cheart na coigeartuithe a dhéanamh a mhéid uaireanta agus is gá chun na críche sin nuair is giorra téarma na haibíochta coigeartaithe ná téarma na tréimhse athshlánaithe nó na tréimhse imrothlaí.

Infheisteoir

94.Chun críocha Airteagal 26e(5), an chéad mhír, pointe (b), i gcás nótaí atá nasctha le creidmheas arna n-eisiúint ag SSPE, ba cheart an tagairt don infheisteoir a thuiscint mar thagairt do SSPE nó d’aon soláthraí cosanta a rinne an comhaontú cosanta creidmheasa leis an tionscnóir.

Barrachas an raoin difríochta shintéisigh (Airteagal 26e(7) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Cailteanas ionchasach aon bhliana a ríomh

95.Chun críocha Airteagal 26e(7) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart méideanna an chailteanais ionchasaigh rialála aon bhliana amháin ar na neamhchosaintí foluiteacha uile don bhliain sin a ríomh ag cur san áireamh roinnt tréimhsí íocaíochta atá coibhéiseach le bliain



amháin, agus tríd an gcéatadán a iolrú faoi mhéid an chailteanais ionchasaigh arna léiriú ar na neamhchosaintí urrúsaithe ar dháta deiridh an idirbhirt le hiarmhéid punainne iomlán gan íoc na neamhchosaintí tuillmheacha urrúsaithe ag tús na tréimhse bliana sin.

96. Chun críocha Airteagal 26e(7), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/2402, tagraíonn an téarma “barrachas an raoin difríochta shintéisigh sheasta” do mhéid barrachais an raoin difríochta shintéisigh a gheallann an tionscnóir a úsáid mar fheabhsú creidmheasa gach tréimhse. Sloinntear an méid sin mar thoradh ar chéatadán seasta den iarmhéid punainne tuillmheach gan íoc gach tréimhse.

97. Chun críocha Airteagal 26e(7), pointe (d), de Rialachán (AE) 2017/2402, i gcás na dtionscnóirí nach n-úsáideann Cur Chuige IRB dá dtagraítear in Airteagal 143 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart an “cailteanas ionchasach aon bhliana” a ríomh i gcomhréir leis an soláthar priacail faoin gcreat cuntasáíochta is infheidhme nó, i gcás ina mbeidh cumhdach cailteanais nach bhfuil ionadaíoch go leordhóthanach ar na cailteanais ionchasacha amach anseo maidir leis na risíochtaí urrúsaithe mar thoradh ar an gcur chuige sin, ba cheart don institiúid tionscnóra méideanna cailteanais ionchasacha a shamhaltú bunaithe ar pharaiméadair phriacail inmheánacha eile, amhail iad sin a mheastar ina próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht caipitil (ICAAP), ar cheart iad a leagan amach go soiléir i ndoiciméadacht an idirbhirt.

Cur Chuige IRB a úsáid chun críocha phointe (c)

98. Ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 26e(7), pointe (c), de Rialachán (AE) 2017/2402 i gcás ina gcinneann an tionscnóir na ceanglais cistí dílse trí úsáid a bhaint as Cur Chuige IRB dá dtagraítear in Airteagal 143 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le haghaidh chomhthiomsú iomlán na risíochtaí foluiteacha.

Tréimhse íocaíochta

99. Chun críocha Airteagal 26e(7), pointe (a), ba cheart an téarma “tréimhse íocaíochta” a thuiscint mar thagairt don tréimhse ina n-ainmnítear barrachas an raoin difríochta shintéisigh i gcomhréir le doiciméadacht an idirbhirt.

Ceanglais maidir le dul ar iontaoibh comhthaobhachta ardcháilíochta (Airteagal 26e(10) de Rialachán (AE) 2017/2402)

Comhthaobhacht inghlactha

100. Chun críocha Airteagal 26e(10), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart an téarma “comhthaobhacht i bhfoirm urrúis fiachais atá ualaithe ó thaobh riosca de 0 %” a thuiscint mar chomhthaobhacht i bhfoirm urrúis fiachais arna n-eisiúint ag na heintitis sin dá sanntar ualú priacal 0 % i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Ceanglais aibíochta maidir le comhthaobhacht ardcháilíochta inghlactha



101. Ba cheart Airteagal 26e(10), an chéad fhomhír, pointe (a)(i), de Rialachán (AE) 2017/2402 a thuiscint mar thagairt d'urrúis fiachais a bhfuil aibíocht iarmhair nach mó ná trí mhí fágtha acu, gan beann ar a n-aibíocht bhunaidh. I gcás inar lú ná trí mhí an tréimhse go dtí an chéad dáta íocaíochta eile faoin gcomhaontú cosanta creidmheasa, níor cheart aibíocht iarmhair na n-urrúis fiachais a bheith níos faide ná an tréimhse sin chun aisioncronacht aibíochta ar bith a sheachaint idir an dáta a aisíocfar na hurrúis fiachais agus an chéad dáta íocaíochta eile faoin gcomhaontú cosanta creidmheasa.

Infheistíochtaí i nótaí atá nasctha le creidmheas

102. Chun críocha Airteagal 26e(10), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart a mheas go gcomhlíontar an ceanglas a bhaineann leis an gcomhthaobhacht i bhfoirm airgid i gcás infheistíochtaí i nótaí creidmheas-nasctha arna n-eisiúint ag an tionscnóir i gcomhréir le hAirteagal 218 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

8. Leasuithe ar Threoirlínte ÚBE/GL/2018/08 agus ÚBE/GL/2018/09 maidir le critéir STS le haghaidh urrúsú ABCP agus neamh-ABCP

103. Leasaítear ÚBE/GL/2018/09 mar a leanas:

a. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8 de na Treoirlínte:

“Tá na treoirlínte sin dírithe ar údaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (2), de Rialachán (AE) 1093/2010 atá ainmnithe mar údaráis inniúla de bhun Airteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2017/2402, agus ar institiúidí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) 1093/2010 atá faoi réir rialála agus maoirseachta de bhun Rialachán (AE) 2017/2402, lena n-áirítear tríú páirtithe a fhíoraíonn comhlíonadh STS freisin i gcomhréir le hAirteagal 2 (5), an fhomhír dheireanach, de Rialachán Uimh. 1093/2010. Moltar d’údaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2017/2402 nach gcáilíonn mar údaráis inniúla de bhun Airteagal 4, pointe (2), de Rialachán Uimh. 1093/2010 na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm.”

b. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 22 de na Treoirlínte:

“Chun críocha Airteagal 20(10), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart a mheas gur de chineál comhchosúil iad risíochtaí má chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- a. go mbaineann na risíochtaí le ceann de na catagóirí sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 1, an chéad mhír, pointí (a)(i) go (a)(iii) nó (a)(v) go (a)(vii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1851;
- b. go mbaineann na risíochtaí leis an gcatagóir sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (a)(iv), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1851, agus leis an gcineál céanna féichiúnaí dá dtagraítear in Airteagal 2(3), pointe (a), den Rialachán sin;
- c. baineann na risíochtaí leis an gcatagóir sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (a)(viii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1851, agus tá saintréithe comhchosúla acu maidir le haon cheann de na fachtóirí aonchineálachta dá dtagraítear in Airteagal 2(6) den Rialachán sin.”

c. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 26 de na Treoirlínte:



“Ba cheart athruithe ar chaighdeáin a bhaineann le frithghealladh den sórt sin a mheas mar athruithe ábhartha i gcás ina dtagraíonn siad do cheachtar de na cineálacha athruithe seo a leanas ar na caighdeáin a bhaineann le frithghealladh:

- a. athruithe a dhéanann difear don cheanglas maidir le cosúlacht na gcaighdeán a bhaineann le frithghealladh a shonraítear a thuilleadh in Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (b), de Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/1851;
- b. athruithe a dhéanann difear ábhartha don riosca creidmheasa foriomlán nó don mheánfheidhmíocht ionchasach i gcomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha gan cuir chuige atá an-difriúil maidir le measúnú a dhéanamh ar an bpríacal creidmheasa a bhaineann leis na neamhchosaintí foluiteacha a bheith mar thoradh orthu.”

d. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 39 de na Treoirlínte:

“Chun críocha Airteagal 20(11) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart na himthosca a shonraítear i bpointí (a) go (c) den mhír sin a thuiscint mar shainmhínte ar lagchreidmheas. Ba cheart a thuiscint go n-eisiatar ón gceanglas seo imthosca eile a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le laige chreidmheasa nach ngabhtar i bpointí (a) go (c).”

e. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 44 de na Treoirlínte:

“Chun críocha Airteagal 20(11), pointe (c), de Rialachán (AE) 2017/2402, níor cheart a mheas go bhfuil ‘measúnú creidmheasa nó scór creidmheasa ag féichiúnaithe nó ráthóirí neamhchosaintí a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu’ lena dtugtar le fios go bhfuil an riosca nach ndéanfar íocaíochtaí arna gcomhaontú de réir conartha i bhfad níos airde ná i gcás risíochtaí inchomparáide féichiúnaithe nó ráthóirí eile a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu atá i seilbh an tionscnóra nach bhfuil urrúsaithe’ nuair a bheidh feidhm ag an dá choinníoll seo a leanas:

- a. tá na fachtóirí is ábhartha lena gcinntear feidhmíocht ionchasach na neamhchosaintí foluiteacha agus na neamhchosaintí inchomparáide comhchosúil;
- b. mar thoradh ar an gcosúlacht dá dtagraítear i bpointe (a), d’fhéadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach, ar bhonn tásca amhail feidhmíocht roimhe seo nó na samhlacha is infheidhme, nach mbeadh feidhmíocht na neamhchosaintí foluiteacha i bhfad ní ba mheasa ná feidhmíocht na neamhchosaintí inchomparáide thar shaolré an idirbhirt nó thar uastréimhse ceithre bliana, i gcás ina bhfuil saolré an idirbhirt níos faide ná ceithre bliana.”

f. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 45 de na Treoirlínte:

“Ba cheart a mheas gur comhlíonadh na coinníollacha sa mhír roimhe seo i gcás ina mbeadh feidhm ag ceachtar de na nithe seo a leanas:

- a. ní áirítear leis na neamhchosaintí foluiteacha neamhchosaintí atá aicmithe mar neamhchosaintí amhrasacha, lagaithe nó neamhthuillmheacha, nó atá aicmithe le héifeacht chomhchosúil faoi na prionsabail chuntasaíochta ábhartha;
- b. ní áirítear leis na neamhchosaintí foluiteacha neamhchosaintí ar fhéichiúnaithe nó ar ráthóirí a bhfuil a gcáilíocht chreidmheasa, bunaithe ar rátálacha creidmheasa nó tairseacha cáilíochta creidmheasa eile, i bhfad níos measa ná cáilíocht chreidmheasa féichiúnaithe nó ráthóirí neamhchosaintí inchomparáide a thionscnaíonn an tionscnóir le linn a oibríochtaí caighdeánacha iasachtaithe agus a straitéise priacail creidmheasa.”

- g. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 46 de na Treoirlínte:

“Chun críocha Airteagal 20(12) de Rialachán (AE) 2017/2402, maidir le hairleacain agus líníochtaí breise i dtéarmaí neamhchosaint amháin nó athstruchtúrú na neamhchosanta céanna ar iasachtaí áirithe, níor cheart a mheas go spreagann siad ceanglas nua ‘íocaíochta amháin ar a laghad’ i ndáil le neamhchosaint den sórt sin.”

- h. Cuirtear mír bhreise 46 a leis i ndiaidh mhír 46:

“Chun críocha Airteagal 20(12) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart ceanglas nua “íocaíochta amháin ar a laghad” a spreagadh i ndáil le risíocht den sórt sin leis an aistriú atá beartaithe ar neamhchosaint ar leith eile chuig an iasachtaí céanna chuig SSPE.”

- i. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 47 de na Treoirlínte:

“Chun críocha Airteagal 20(12) de Rialachán (AE) 2017/2402, maidir leis an íocaíocht dá dtagraítear sa cheanglas ar dá réir ba cheart ‘íocaíocht amháin ar a laghad’ a bheith déanta tráth an aistrithe, ba cheart í a bheith ina híocaíocht chíosa, príomhshuime nó úis nó ina haon chineál eile gnáthíocaíochta a shonraítear sa chomhaontú conarthach a bhaineann leis an risíocht.”

- j. Cuirtear mír bhreise 50 a leis i ndiaidh mhír 50:

“Ceanglais maidir le coinneáil riosca

Chun críocha Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart do na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 29(5) den Rialachán sin agus do na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 29, míreanna 2 go 4, den Rialachán sin comhoibriú go dlúth i gcomhréir le hAirteagal 36 den Rialachán sin, i gcás nach ionann iad.”

k. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 57 de na Treoirlínte:

“Chun críocha Airteagal 21(3) de Rialachán (AE) 2017/2402, maidir le rátaí úis ar cheart a mheas gur bonn tagartha leordhóthanach iad le haghaidh íocaíochtaí úis tagartha, ba cheart na nithe uile seo a leanas a áireamh iontu:

- a. rátaí idirbhainc lena n-áirítear Libor, Euribor agus tagarmharcanna aitheanta eile;
- b. rátaí úis tagartha seanbhunaithe eile amhail EURSTR, SONIA, SOFR agus TONA;
- c. rátaí arna socrú ag údaráis beartais airgeadaíochta, lena n-áirítear rátaí cistí feidearálacha agus rátaí lascaine na mbanc ceannais;
- d. rátaí earnála lena léirítear costas cistí iasachtóra, lena n-áirítear rátaí caighdeánacha athraitheacha agus rátaí úis inmheánacha a léiríonn go díreach costais an mhargaidh a bhaineann le cistiú bainc nó fothacar institiúidí, a mhéid a sholáthraítear sonraí leordhóthanacha d’infheisteoirí chun go mbeidh siad in ann measúnú a dhéanamh ar an ngaol idir na rátaí earnála agus rátaí eile an mhargaidh.”

l. Cuirtear mír bhreise 66 a leis i ndiaidh mhír 66:

“Chun críocha Airteagal 21(5) de Rialachán (AE) 2017/2402, a luaithe a chuirfear frithdhílse an amúchta i leith íocaíochta seicheamhaí i bhfeidhm, níor cheart fillleadh breise ar amúchadh neamhsheicheamhach a cheadú i gcomhréir le doiciméadacht an idirbhirt.”

m. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 76 de na Treoirlínte:

“Chun críocha Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart an téarma ‘risíochtaí atá comhchosúil go substaintiúil’ a thuiscint mar thagairt do risíochtaí a gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas ina leith:

- a. tá na fachtóirí is ábhartha lena gcinntear feidhmíocht ionchasach na neamhchosaintí foluiteacha cosúil le chéile;
- b. mar thoradh ar an gcosúlacht dá dtagraítear i bpointe (a), d’fhéadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach, ar bhonn tásca amhail feidhmíocht roimhe seo nó samhlaigh is infheidhme, nach mbeadh a bhfeidhmíocht i bhfad níos measa ná feidhmíocht na neamhchosaintí urrúsaithe thar shaolré an idirbhirt, nó thar uastréimhse ceithre bliana, i gcás inar faide ná ceithre bliana saolré an idirbhirt.”

n. Cuirtear mír bhreise 78 a isteach i³ ndiaidh mhír 78:

“I gcás urrúsuithe a eisíonn sraith iolrach urrús, lena n-áirítear máistir-iontaobhais, ba cheart fíorú nua a chur i gcrích roimh an eisiúint i gcásanna ina bhfuil bliain amháin caite ó rinneadh an fíorú roimhe sin.”

o. Cuirtear an mhír seo a leanas in ionad mhír 79:

“Chun críocha Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart páirtí iomchuí agus neamhspleách a mheas mar pháirtí a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas:

- a. go bhfuil an taithí agus an cumas aige an fíorú a dhéanamh;
- b. níl aon cheann de na nithe seo a leanas ann:
 - i. Gníomhaireacht rátála creidmheasa;
 - ii. tríú páirtí a fhíoraíonn comhlíontacht STS i gcomhréir le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) 2017/2402;
 - iii. eintiteas atá cleamhnaithe leis an tionscnóir, leis an urraitheoir, leis an infheisteoir nó le SSPE.”

p. Cuirtear na míreanna seo a leanas in ionad mhír 80:

“Chun críocha Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart an fíorú a dhéanamh agus modh iomchuí staidrimh á chur i bhfeidhm agus é bunaithe ar shampla randamach de neamhchosaintí foluiteacha a bhaintear as na neamhchosaintí foluiteacha san urrúsú, agus ba cheart méid an tsampla a chinneadh chun a áirithiú go mbeidh an dóchúlacht (leibhéal muiníne) chun diúltú i gceart don hipitéis nach bhfuil aon eisceachtaí ón gceanglas i gcomhthiomsú iomlán na risíochtaí foluiteacha san urrúsú cothrom le 95 % ar a laghad (i.e. ba cheart gur 5 % ar a laghad an dóchúlacht go nglacfaí le vótaíocht iomlán gan eisceachtaí de chineál II, mar a thugtar air).

80a. I gcás ar bith, ba cheart gurbh é 50 líon íosta na neamhchosaintí foluiteacha sa sampla. I gcás urrúsuithe ina bhfuil níos lú ná 50 neamhchosaintí foluiteacha i gcomhthiomsú na neamhchosaintí foluiteacha, ba cheart na neamhchosaintí foluiteacha uile a bheith sa sampla.

80b. Ba cheart an fíorú a dhéanamh i bhfoirm tuarascáil ar nósanna imeachta comhaontaithe.”

q. Cuirtear an mhír seo a leanas in ionad mhír 83:

“Chun críocha Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2017/2402, i gcás ina bhforbraíonn soláthraithe tríú páirtí an tsamhail sreafa airgid dliteanais, ba cheart don tionscnóir leanúint de bheith freagrach as an bhfaisnéis a chur ar fáil d’infheisteoirí ionchasacha.”

³ Is obair leantach í sin ar an míniú a tugadh sa ráiteas aiseolais ar leathanach 77 de na treoirlínte maidir le hurrúsú neamh-ABCP, ar dá réir ba cheart soiléiriú den sórt sin a bheith tugtha i dtéacs dlíthiúil na dtreoirlínte ach a fágadh ar lár i dtéacs deiridh na dtreoirlínte.

r. Cuirtear an mhír seo a leanas in ionad mhír 84:

“Ní bheidh feidhm ag an gceanglas sin ach amháin má tá an fhaisnéis maidir leis na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar fáil, nó i gcás ina bhfuil an fhaisnéis maidir leis na drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta na sócmhainní arna maoiniú ag na risíochtaí foluiteacha dá dtagraítear sa dara fhomhír ar fáil don tionscnóir agus don tionscnóir a chinneann an dara fhomhír sin a chur i bhfeidhm, agus i gcás ina ngabhtar an fhaisnéis faoi seach ina bhunachar sonraí inmheánach nó ina chórais TF. I gcás nach bhfuil aon fhaisnéis den sórt sin ar fáil ach do chion de na neamhchosaintí foluiteacha, níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas ach amháin maidir le cion na neamhchosaintí foluiteacha a bhfuil faisnéis ar fáil ina leith.”

s. Cuirtear mír bhreise 85 leis:

“Comhlíonadh na gceanglas maidir le nochtadh faoi Airteagal 7

Chun críocha Airteagal 22(5) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart do na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 29(5) den Rialachán sin agus do na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 29, míreanna 2 go 4, den Rialachán sin comhoibriú go dlúth i gcomhréir le hAirteagal 36 den Rialachán sin, i gcás nach ionann iad.”

104. Leasaítear ÚBE/GL/2018/08 mar a leanas:

a. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8 de na Treoirlínte:

“Tá na treoirlínte sin dírithe ar údaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (2), de Rialachán (AE) 1093/2010 atá ainmnithe mar údaráis inniúla de bhun Airteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2017/2402, agus ar institiúidí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) 1093/2010 atá faoi réir rialála agus maoirseachta de bhun Rialachán (AE) 2017/2402, lena n-áirítear tríú páirtithe a fhíoraíonn comhlíonadh STS freisin i gcomhréir le hAirteagal 2 (5), an fhomhír dheireanach, de Rialachán Uimh. 1093/2010. Moltar d’údaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2017/2402 nach gcáilíonn mar údaráis inniúla de bhun Airteagal 4, pointe (2), de Rialachán Uimh. 1093/2010 na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm.”

b. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 29 de na Treoirlínte:

“Chun críocha Airteagal 24(9) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart na himthosca a shonraítear i bpointí (a) go (c) den mhír sin a thuiscint mar shainmhínithe ar lagchreidmheas. Ba cheart a thuiscint go n-eisiatar ón gceanglas seo imthosca eile a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le laige chreidmheasa nach ngabhtar i bpointí (a) go (c).”

c. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 34 de na Treoirlínte:

“Chun críocha Airteagal 24(9), pointe (c), de Rialachán (AE) 2017/2402, níor cheart a mheas go bhfuil ‘measúnú creidmheasa nó scór creidmheasa ag féichiúnaithe nó ráthóirí neamhchosaintí a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu” lena dtugtar le fios go bhfuil an riosca nach ndéanfar íocaíochtaí arna gcomhaontú de réir conartha i bhfad níos airde ná i gcás risíochtaí inchomparáide féichiúnaithe nó ráthóirí eile a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu atá i seilbh an tionscnóra nach bhfuil urrúsaithe’ nuair a bheidh feidhm ag an dá choinníoll seo a leanas:

- a. tá na fachtóirí is ábhartha lena gcinntear feidhmíocht ionchasach na neamhchosaintí foluiteacha agus na neamhchosaintí inchomparáide comhchosúil;
- b. mar thoradh ar an gcosúlacht dá dtagraítear i bpointe (a), d’fhéadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach, ar bhonn tásca amhail feidhmíocht roimhe seo nó na samhlacha is infheidhme, nach mbeadh feidhmíocht na neamhchosaintí foluiteacha i bhfad ní ba mheasa ná feidhmíocht na neamhchosaintí inchomparáide thar shaolré an idirbhirt nó thar uastréimhse ceithre bliana, i gcás ina bhfuil saolré an idirbhirt níos faide ná ceithre bliana.”

d. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 35 de na Treoirlínte:

“Ba cheart a mheas gur comhlíonadh na coinníollacha sa mhír roimhe seo i gcás ina mbeadh feidhm ag ceachtar de na nithe seo a leanas:

- a. ní áirítear leis na neamhchosaintí foluiteacha neamhchosaintí atá aicmithe mar neamhchosaintí amhrasacha, lagaithe nó neamhthuillmheacha, nó atá aicmithe le héifeacht chomhchosúil faoi na prionsabail chuntasaíochta ábhartha;
- b. ní áirítear leis na neamhchosaintí foluiteacha neamhchosaintí ar fhéichiúnaithe nó ar ráthóirí a bhfuil a gcáilíocht chreidmheasa, bunaithe ar rátálacha creidmheasa nó tairseacha cáilíochta creidmheasa eile, i bhfad níos measa ná cáilíocht chreidmheasa féichiúnaithe nó ráthóirí neamhchosaintí inchomparáide a thionscnaíonn an tionscnóir le linn a oibríochtaí caighdeánacha iasachtaithe agus a straitéise priacail creidmheasa.”

e. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 36 de na Treoirlínte:

“Chun críocha Airteagal 24(10) de Rialachán (AE) 2017/2402, maidir le hairleacain agus líníochtaí breise i dtéarmaí neamhchosaint amháin nó athstruchtúrú na neamhchosanta céanna ar iasachtaí áirithe, níor cheart a mheas go spreagann siad ceanglas nua ‘íocaíochta amháin ar a laghad’ i ndáil le neamhchosaint den sórt sin.”

f. Cuirtear mír bhreise 36 a leis i ndiaidh mhír 36:

“Chun críocha Airteagal 24(10) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart ceanglas nua “íocaíochta amháin ar a laghad” a spreagadh i ndáil le risíocht den sórt sin leis an aistriú atá beartaithe ar neamhchosaint ar leith eile chuig an iasachtaí céanna chuig SSPE.”

g. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 37 de na Treoirlínte:

“Chun críocha Airteagal 24(10) de Rialachán (AE) 2017/2402, maidir leis an íocaíocht dá dtagraítear sa cheanglas ar dá réir ba cheart ‘íocaíocht amháin ar a laghad’ a bheith déanta tráth an aistrithe, ba cheart í a bheith ina híocaíocht chíosa, príomhshuime nó úis nó ina haon chineál eile gnáthíocaíochta a shonraítear sa chomhaontú conarthach a bhaineann leis an risíocht.”

h. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 51 de na Treoirlínte:

“Chun críocha Airteagal 24(14) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart an téarma ‘risíochtaí atá comhchosúil go substaintiúil’ a thuiscint mar thagairt do risíochtaí a gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas ina leith:

- a. tá na fachtóirí is ábhartha lena gcinntear feidhmíocht ionchasach na neamhchosaintí foluiteacha cosúil le chéile;
- b. mar thoradh ar an gcosúlacht dá dtagraítear i bpointe (a), d’fhéadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach, ar bhonn tásca amhail feidhmíocht roimhe seo nó samhlacha is infheidhme, nach mbeadh a bhfeidhmíocht i bhfad níos measa ná feidhmíocht na neamhchosaintí urrúsaithe thar shaolré an idirbhirt, nó thar uastréimhse ceithre bliana, i gcás inar faide ná ceithre bliana saolré an idirbhirt.”

i. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 57 de na Treoirlínte:

“Chun críocha Airteagal 24(16) de Rialachán (AE) 2017/2402, maidir le rátaí úis ar cheart a mheas gur bonn tagartha leordhóthanach iad le haghaidh íocaíochtaí úis tagartha, ba cheart na nithe uile seo a leanas a áireamh iontu:

- a. rátaí idirbhainc lena n-áirítear Libor, Euribor agus tagarmharcanna aitheanta eile;
- b. rátaí úis tagartha seanbhunaithe eile amhail EURSTR, SONIA, SOFR agus TONA;
- c. rátaí arna socrú ag údaráis beartais airgeadaíochta, lena n-áirítear rátaí cistí feidearálacha agus rátaí lascaine na mbanc ceannais;



- d. rátaí earnála lena léirítear costas cistí iasachtóra, lena n-áirítear rátaí caighdeánacha athraitheacha agus rátaí úis inmheánacha a léiríonn go díreach costais an mhargaidh a bhaineann le cistiú bainc nó fothacar institiúidí, a mhéid a sholáthraítear sonraí leordhóthanacha d’infheisteoirí chun go mbeidh siad in ann measúnú a dhéanamh ar an ngaol idir na rátaí earnála agus rátaí eile an mhargaidh.”

- j. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 65 de na Treoirlínte:

“Chun críocha Airteagal 24(18), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart a mheas gur de chineál comhchosúil iad risíochtaí má chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- a. go mbaineann na risíochtaí le ceann de na catagóirí sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 1, an chéad mhír, pointí (a)(i) go (a)(iii) nó (a)(v) go (a)(vii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1851;
- b. go mbaineann na risíochtaí leis an gcatagóir sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (a)(iv), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1851, agus leis an gcineál céanna féichiúnaí dá dtagraítear in Airteagal 2(3), pointe (a), den Rialachán sin;
- c. baineann na risíochtaí leis an gcatagóir sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (a)(viii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1851, agus tá saintréithe comhchosúla acu maidir le haon cheann de na fachtóirí aonchineálachta dá dtagraítear in Airteagal 2(6) den Rialachán sin.”

- k. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 69 de na Treoirlínte:

“Ba cheart athruithe ar chaighdeáin a bhaineann le frithghealladh den sórt sin a mheas mar athruithe ábhartha i gcás ina dtagraíonn siad do cheachtar de na cineálacha athruithe seo a leanas ar na caighdeáin a bhaineann le frithghealladh:

- a. athruithe a dhéanann difear don cheanglas maidir le cosúlacht na gcaighdeán a bhaineann le frithghealladh a shonraítear a thuilleadh in Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1851;
- b. athruithe a dhéanann difear ábhartha don riosca creidmheasa foriomlán nó don mheánfheidhmíocht ionchasach i gcomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha gan cuir chuige atá an-difriúil maidir le measúnú a dhéanamh ar an bpríacal creidmheasa a bhaineann leis na neamhchosaintí foluiteacha a bheith mar thoradh orthu.”

- l. Cuirtear an mhír seo a leanas in ionad mhír 82:



“Chun críocha Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart páirtí iomchuí agus neamhspleách a mheas mar pháirtí a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas:

- a. go bhfuil an taithí agus an cumas aige an fíorú a dhéanamh;
- b. níl aon cheann de na nithe seo a leanas ann:
 - i. Gníomhaireacht rátála creidmheasa;
 - ii. tríú páirtí a fhíoraíonn comhlíontacht STS i gcomhréir le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) 2017/2402;
 - iii. eintiteas atá cleamhnaithe leis an tionscnóir, leis an urraitheoir, leis an infheisteoir nó le SSPE.”